



AN RÚIS

Tá teannas idir AE agus an Rúis ó 2014 i leith mar gheall ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé ag an Rúis, tacaíocht a bheith á tabhairt do ghrúpaí reibiliúnacha, beartais sa chomharsanacht, feachtais dífhaisnéise agus forbairtí diúltacha inmheánacha. Tá fás tagtha ar an teannas mar gheall ar idirghabháil na Rúise sa tSiria. Tá smachtbhannaí athnuaithe go minic ag AE ó 2014 i leith. Leanann idirspleáchas dlúth de bheith idir AE agus an Rúis agus cuireann AE cur chuige ‘rannpháirtíocht ar bhonn roghnach’ i bhfeidhm.

AN BUNÚS DLÍ

- Teideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE): ‘gníomhaíocht sheachtrach’;
- Airteagail 206-207 (trádáil) agus Airteagail 216-219 (comhaontuithe idirnáisiúnta den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair (CCC) (caidreamh déthaobhach).

CAIDREAMH AE-NA RÚISE

Go dtí gur bhris géarchéim na hÚcráine amach, bhí ‘comhpháirtíocht straitéiseach á tógáil ag AE agus ag an Rúis, lena cumhdaíodh, i measc saincheistanna eile, trádáil, an geilleagar, fuinneamh, athrú aeráide, taighde, oideachas, cultúr agus slándáil, lena n-áirítear frithsceimhlitheoireacht, neamhleathadh núicléach agus réiteach coinbhleachta sa Mheánoirthear. Tacadóir diogbháilte ab ea AE d’aontachas na Rúise (a críochnaíodh in 2012) le EDT. Le blianta beaga anuas, tá saincheist na comharsanachta comhroinnte ina mórphointe aighnis idir AE agus an Rúis. Le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé ag an Rúis i mí an Mhárta 2014 agus leis an bhfianaise gur thacaigh an Rúis le trodairí reibiliúnacha in oirthear na hÚcráine, tionscnaíodh géarchéim idirnáisiúnta. D’athbhreithnigh AE a chaidreamh déthaobhach leis an Rúis; chuir sé deireadh le cruinnithe mullaigh rialta déthaobhacha, agus chuir sé ar fionraí an t-idirphlé maidir le saincheistanna a bhaineann le víosaí agus maidir le comhontú nua déthaobhach chun teacht in ionad CCC. Tá cur chuige dériain á úsáid ag AE faoi láthair maidir leis an Rúis, agus smachtbhannaí de réir a chéile á gcomhcheangal aige le hiarrachtaí chun réitigh taidhleoireachta a fháil ar an gcoinbhleacht in oirthear na hÚcráine. Le rannpháirtíocht na Rúise in iarrachtaí ghrúpa tíortha E3+3 a thug comhaontú núicléach chun críche leis an Iaráin i mí Iúil 2015, ardaíodh an dóchas le haghaidh níos mó comhair os comhair an domhain mhóir. Le hidirghabháil na Rúise i gCogadh na Siria ó Mheán Fómhair 2015 i leith, agus tacaíocht



á tabhairt aici don Uachtarán Assad, agus feachtais láidre dífhaisnéise laistigh den Rúis agus lasmuigh di, cruthaíodh teannas breise leis an Iarthar.

Le toghchán uachtaránachta 2018, tugadh a cheathrú téarma mar uachtarán do Vladimir Putin, agus 76.69% faighte aige. Faoi mar a tharla ar ócáidí roimhe seo, níor iarradh ar Pharlaimint na hEorpa misean breathnóireachta toghcháin a chur chun na Rúise. Dhírigh reachtaíocht na Rúise, a ritheadh ó 2012 ar aghaidh, ar an bhfreasúra agus ar an tsochaí shibhialta. Tá 'gníomhairí eachtracha' agus/nó 'eagraíochtaí neamh-inmhianaithe' tugtha ar na céadta ENRanna, agus tá a smacht ar úsáid na meán agus an idirlín méadaithe ag na húdaráis. Is cúis imní do AE an smacht reachta — lena n-áirítear éilliú. In 2017 agus in 2018, tharla mórleirsithe frith-éillithe a thionscain polaiteoir an fhreasúra, Alexey Navalny, ar fud na Rúise agus thug na húdaráis dianfhreagairt orthu. Chuir an Coimisiún Lárnach Toghcháin agus an Chúirt Uachtarach toirmeasc ar Navalny mar iarrthóir mar gheall ar chiontú a tharla san am a caitheadh agus a bhfuiltear ag cur ina choinne. Bhí tosaíocht na uachtaránachta Putin dearbhaithe cheana ag toghchán parlaiminteach 2016 agus bua mór a bhí ann do pháirtí Putin páirtí comhaontaithe na Rúise.

In 2017, tháinig téarnamh ar gheilleagar na Rúise ó chúlú eacnamaíoch 2014-2016 agus ó shuaitheadh in earnáil na baincéireachta, agus thairbhígh sé d'ioncam méadaitheach ó allmhairithe ola agus tráchtarraí. Tá an t-ionchas fabhrach, ach tá timpeallacht infheistíochta na tíre neamhchinnte agus tá a feidhmíocht eacnamaíoch fós ag brath ar phraghsanna ola agus gáis. Tá an córas eacnamaíoch comhchruinnithe i gcúpla earnáil; Tá infheistíochtaí trasfhoirmeacha de dhíth air, agus is iad na gnólachtaí móra ar geal leis an stát iad atá i gceannas ar an margadh. In ainneoin na smachtbhannaí, is é AE an comhpháirtí trádála is mó atá ag an Rúis agus is í an Rúis an ceathrú comhpháirtí trádála is mó atá ag AE. Milltear an trádáil agus caidreamh eacnamaíoch, áfach, de dheasca tosa iomadúla, amhail trádbhac na Rúise ar roinnt táirgí agrairbhia de chuid AE. Díospóidí EDT agus teorannuithe tromchúiseacha maidir le deiseanna do chuideachtaí AE a bheith rannpháirteach i soláthar poiblí na Rúise.

Ó mhí an Mhárta 2014 i leith, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas in aghaidh na Rúise mar fhreagairt ar ionghabháil mhídhleathach na Crimé agus ar an díchobhsú a rinneadh ar an Úcráin. Rinne AE leathnú nach beag ar a smachtbhannaí tar éis eitilt MH17 an 17 Meitheamh a thabhairt anuas os cionn na críche a bhí faoi rialú na reibiliúnach a raibh tacaíocht á fáil acu ón Rúis in oirthear na hÚcráine. Déantar na smachtbhannaí a nuashonrú agus a fhadú go rialta.

Bíonn foirmeacha éagsúla ag bearta sriantacha AE. Is é atá i mbearta taidhleoireachta eisiamh na Rúise ó G8, próiseas aontachais na Rúise le OECD agus leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh a stopadh, agus cruinnithe mullaigh rialta déthaobhacha AE-na Rúise a chur ar fionraí.

Le smachtbhannaí eacnamaíocha, díritear ar mhalartuithe leis an Rúis in earnálacha eacnamaíocha sonracha. Cuirtear teorainn leo ar an rochtain ar mhargaí caipitil an Aontais Eorpaigh, idir phríomha agus tánaisteacha, atá ag bainc agus cuideachtaí áirithe de chuid na Rúise. Forchuirtear toirmisc ar onnmhairiú agus allmhairiú leo maidir le trádáil arm agus toirmeasc ar onnmhairiú maidir le hearraí dé-úsáide le haghaidh úsáid mhíleata nó úsáideoirí deiridh míleata sa Rúis. Laghdaítear leo freisin



an rochtain atá ag an Rúis ar theicneolaíochtaí agus ar sheirbhísí áirithe íogaire, ar teicneolaíochtaí agus seirbhísí iad is féidir a úsáid ar mhaithe le táirgeadh ola agus le sirtheoireacht ola. Tá feidhm ag srianta sonracha maidir le caidreamh eacnamaíoch leis an gCrimé agus le Sevastopol, lena n-áirítear toirmeasc ar allmhairithe earraí ón leithinis, toirmeasc ar onnmhairithe ar earraí agus teicneolaíochtaí áirithe, srianta ar infheistíocht agus toirmeasc ar sholáthar seirbhísí turasóireachta. Le bearta a bhaineann le comhar eacnamaíoch, cuirtear ar fionraí aon oibríochtaí nua maoinithe sa Rúis ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF).

Tá feidhm ag bearta sriantacha aonair maidir le breis agus 150 duine aonair agus 40 eintiteas, atá faoi réir reo sócmhainní agus toirmeasc taistil toisc gur bhain a ngníomhartha an bonn ó shláine, ó cheannasacht agus ó neamhspleáchas críochach na hÚcráine. Áirítear ar an liosta cainteoirí spéicéirí dhá sheomra Thionól Cónaidhme na Rúise (Dúma an Stáit agus an Chomhairle Chónaidhme), chomh maith le cathaoirleach reatha Thoscaireacht na Rúise chuig Coiste um Chomhar Parlaiminteach AE-na Rúise.

Leag an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha síos i mí an Mhárta 2016 cúig phrionsabal threoracha atá mar bhunús le caidreamh AE leis an Rúis: (1) comhaontú Minsc a chur chun feidhme mar an príomhchoinníoll le haghaidh aon athrú substaintiúil ar sheasamh AE i leith na Rúise; (2) caidreamh neartaithe le Comhpháirtithe AE san Oirthear agus le comharsana eile, lena n-áirítear an Áise Láir; (3) athléimneacht AE a neartú (e.g. slándáil fuinnimh, bagairtí hibrideacha nó cumarsáid straitéiseach); (4) rannpháirtíocht roghnach leis an Rúis maidir le saincheisteanna a bhfuil spéis ag AE iontu; (5) an gá a bheith rannpháirteach i dteagmhálacha idirphearsanta agus tacú le sochaí shibhialta na Rúise. Leis an gcéad phrionsabal, déantar nasc go hintuigthe idir tréimhse smachtbhannaí AE agus an dul chun cinn a rinneadh ionsar réiteach síochánta ar an gcoinbhleacht in oirthear na hÚcráine.

Tá frithbheart á dhéanamh ag an Rúis ó mhí Lúnasa 2014 i leith in aghaidh na smachtbhannaí arna bhforchur ag AE agus ag tíortha an Iarthair (lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, Ceanada agus an Astráil), agus frith-smachtbhannaí á gcur aici ar earraí talmhaíochta, amhábhair agus bia, agus sáruithe ar chaighdeán slándála bia á líomhain aici. Threisigh sé sin beartas ionadaíochta allmhairithe na Rúise in earnáil na talmhaíochta. Cuireann an Rúis 'stopliosta' i bhfeidhm freisin maidir le náisiúnaigh AE agus SAM a cháin a gníomhaíochtaí, agus an ceart á shéanadh aici orthu dul isteach i gcríoch na Rúise (18 bhFeisire Eorpacha san áireamh). Níl aon bhealach ann le haghaidh achomharc dlíthiúil a dhéanamh má fhaightear duine ar líosta na Rúise, contrártha do thoirmeasc taistil AE.

NA COMHAONTUITHE ATÁ I BHFEIDHM

Is é CCC a síníodh i mí an Mheithimh 1994 an bunús dlí don chaidreamh idir AE agus an Rúis. Agus é bailí ar dtús go ceann 10 mbliana, rinneadh é a athnuachan go huathoibríoch gach bliain ó shin. Leagtar síos leis na príomhchuspóirí coiteanna agus bunaítear leis an creat institiúideach le haghaidh teagmhálacha déthaobhacha



(lena n-áirítear comhairliúcháin rialta maidir le cearta an duine agus cruinnithe mullaigh uachtaránachta débhlíantúla, atá reoite faoi láthair).

Ag cruinniú mullaigh Chathair Pheadair i mí na Bealtaine 2002, threisigh AE agus an Rúis a gcomhar trí cheithre ‘Spás Choiteanna’ a chruthú: spás eacnamaíoch; spás saoirse, slándála agus ceartais; spás slándála seachtraí; agus spás taighde, oideachais agus cultúir. Ar an leibhéal réigiúnach, bhunaigh AE agus an Rúis, mar aon leis an Iorua agus an Íoslainn, in 2007 an beartas nua maidir le Diminsean an Tuaiscirt, lena ndírítear ar chomhar trasteorann i réigiúin Mhuir Bhailt agus Mhuir Barents. I mí Iúil 2008, cuireadh tús le caibidlíocht le haghaidh comhaontú nua idir AE agus an Rúis chun ‘gealltanais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de’ i réimsí amhail idirphlé polaitiúil, ceartas, saoirse, slándáil, comhar eacnamaíoch, taighde, oideachas, cultúr, trádáil, infheistíocht agus fuinneamh a bheith ar áireamh ann. Seoladh ‘Comhpháirtíocht um Nuachóiriú’ in 2010. Tugadh caibidlíocht maidir le comhaontú um éisiúint víosaí a éascú i gcríoch in 2011. Ba é a bhí mar thoradh ar idirghabháil na Rúise sa Chrimé, áfach, gur cuireadh na cainteanna agus na próisis sin go léir ar fionraí. In 2014, reoigh an Chomhairle Eorpach an comhar leis an Rúis (seachas maidir le teagmhálacha idirphearsanta), agus maoiniú nua AE chun tairbhe na tíre trí na hinstiúidí idirnáisiúnta maoiniúcháin.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Luaitear i gConradh Liospóin nach mór don Pharlaimint ‘toiliú’ le haon chomhaontú nua, mar a rinne sí i gcás an CCC roimhe sin. Éilítear toiliú na Parlaiminte freisin le comhaontuithe níos sonraí (amhail éascú eisiúint víosaí). Ní shainíonn an Pharlaimint riachtanais straitéiseacha ná cláir ghníomhaíochta go díreach, agus ritheann sí reachtaíocht go comhpháirteach leis an gComhairle maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí chúnaimh airgeadais AE, lena n-áirítear an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI), ar tríd a dhéantar an comhar réigiúnach leis an Rúis a mhaoiniú. Thairis sin, tá sé de cheart ag an bParlaimint cáipéisí lena dtreoraítear cur chun feidhme ENI a ghrinnscrúdú sula gcuirtear chun feidhme iad, nós imeachta ar a dtugtar ‘grinnscrúdú daonlathach’.

Ghlac an Pharlaimint sraith rún maidir leis an Úcráin, ar rúin iad a cháineann ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar an gCrimé agus ról na Rúise in oirthear na hÚcráine a dhíchobhsú. Ghlac an Pharlaimint rún maidir le staid an chaidrimh idir AE agus an Rúis i mí an Mheithimh 2015, rún lenar tacaíodh le smachtbhannaí AE agus lenar cuireadh i bhfáth an gá chun cúnaimh airgeadais níos uailmhianaí a sholáthar do shoचाí shibhialta na Rúise agus teagmhálacha idirphearsanta a chur chun cinn in ainneoin caidreamh deacair. Níos déanaí, le rúin eile, cuireadh fáilte roimh na hiarrachtaí le haghaidh Aontas Fuinnimh arna leagan síos ag an gCoimisiún chun spleáchas ar allmhairí fuinnimh ón Rúis a laghdú agus roimh bhearta AE chun cur i gcoinne bolscaireacht ionsaitheach ón Rúis agus ó thríú tíortha eile. D’iarr an Pharlaimint, áfach, go mbeadh comhar ann leis an Rúis maidir le frithsceimhlitheoireacht agus le Próiseas Síochána an Mheánoirthir, ach bhí sí cáinteach faoi idirghabháil na Rúise sa tSiria.

Roimh 2014, bhí an Pharlaimint i bhfabhar comhaontú nua cuimsitheach leis an Rúis, bunaithe ar luachanna agus leasanna coiteanna. I roinnt tuarascálacha



féintionscnaimh, léirigh an Pharlaimint ábhar mór imní maidir leis an urraim do chearta an duine, an smacht reachta, agus staid an daonlathais sa Rúis. Is iad na samplaí is soiléire den mhéid sin na dlíthe in aghaidh ‘bholscaireacht’ LGBTQ agus an chnioghbheartaíocht ar ENRanna, nó orthu siúd a fhaigheann cistiú ó fhoinsí lasmuigh den Rúis. I mí Aibreáin, ghlac an Pharlaimint rún lenar cáineadh gabháil Navalny. In 2016, cháin an Pharlaimint go láidir leibhéal de shárúithe ar chearta an duine nach bhfacthas a leithéid roimhe sin, ar sárúithe iad a rinneadh i gcoinne chónaitheoirí na Crimé, go háirithe an pobal Tatarach. I mí an Mhárta 2017, d'iarr an Pharlaimint ar an Rúis níos mó ná 30 saoránach de chuid na hÚcráine a ligean saor, ar saoránaigh iad a bhí sa charcair nó a raibh orthu aghaidh a thabhairt ar dhálaí saoirse srianta.

Ó 1997 go 2014, forbraíodh caidreamh le reachtóirí na Rúise den chuid is mó sa Choiste um Chomhar Parlaiminteach (CPC), fóram idirpharlaiminteach arna bhunú ag CCC 1994 idir AE agus an Rúis. Idir 1997 agus tús 2014, bhí an CPC idir AE agus an Rúis ina ardán seasmhach chun comhar agus idirphlé a fhorbairt idir na toscaireachtaí ón bParlaimint agus ó Thionól Chónaidhme na Rúise. Ó mhí an Mhárta 2014, áfach, tá deireadh curtha ag an bParlaimint le caidreamh idirpharlaiminteach le Tionól Cónaidhme na Rúise, i gcomhréir leis na bearta sriantacha taidhleoireachta arna bhfreagairt do ghéarchéim na hÚcráine. Mar sin féin, leanann Toscaireacht na Parlaiminte chun CCP AE-na Rúise de theacht le chéile agus de phlé a dhéanamh as féin ar shaincheisteanna a bhaineann le caidreamh AE-na Rúise. Déanann an toscaireacht sin bealach chun plé agus malartuithe a chothabháil freisin le hionadaithe shochoaí shibhialta na Rúise, leis na ENRanna agus leis na meáin.

Níor iarradh ar an bParlaimint breathnóireacht a dhéanamh ar na toghcháin ó 1999 i leith ná níl aon ghníomhaíochtaí gaolmhara eile aici sa tír.

Mario Damen
05/2019

